M97T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA

**OIDEACHAS REILIGIÚNACH – ARDLEIBHÉAL**

**DÉARDOIN, 23 MEITHEAMH 2005 – TRÁTHNÓNA, 2.00 – 4.30**

Iomlán na Marcanna: 320

***Treoracha Ginearálta d'Iarrthóirí***

NÍ MÓR D'IARRTHÓIRÍ TABHAIRT FAOI :

- **CHEIST AMHÁIN AS AONAD A hAON**
- **DHÁ CHEIST AS AONAD A DÓ**
- **CHEIST AMHÁIN AS AONAD A TRÍ**

## AONAD A HAON

(80 marks)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 30 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SAN AONAD SEO.**

NÍ MÓR DUIT TABHAIRT FAOI CHEANN **AMHÁIN** DEN DÁ CHEIST SEO A LEANAS.

**(Tá 80 marc ar gach ceist)**

## ROINN A AN CUARDACH DO BHRÍ AGUS LUACHANNA

**Ceist 1.**

Samhlaigh go mbeadh Sócraitéas agus na Sofaistí beo inniu agus ag glacadh páirte i gclár cainte ar teilifís.



Bunaithe ar an eolas atá agat i dtaobh Sócraitéas
Agus na Sofaistí -

a. Cad iad na ceisteanna faoin mbeatha, dar leat, a d'ardóidís i ndomhan an lae inniu? (40 marc)

b. Cad iad na tuairimí, dar leat, a bheadh acu faoi na ceisteanna seo? (40 marc)

**Ceist 2.**

a. Rianaigh an fhianaise atá i scríbhinní Anselm **nó** Aquinas go bhfuil Dia ann. (40 marc)

b. Pléigh tuairimí fealsúnaí <u>amháin</u> eile maidir le Dia a bheith ann. (40 marc)

## AONAD A DÓ

(160 marks)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 60 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SAN AONAD SEO.**

NÍ MÓR DUIT TABHAIRT FAOI **DHÁ** CHEANN DE NA TRÍ ROINN SEO A LEANAS.

**(Tá 80 marc ar gach ceist)**

### ROINN B AN CHRÍOSTAÍOCHT: A BUNÚS AGUS A CUR IN IÚL COMHAIMSEARTHA

a. Cuir focail agus gníomhartha Íosa i gcomparáid le –

(i) An tuiscint Ghiúdach ar Ríocht Dé le linn Íosa.

**nó**

(ii) A rabhtas ag súil leis ón Meisias le linn Íosa. (40 marc)

b. Déan cur síos ar thréithe Ríocht Dé mar a theagasc Íosa fúthu. (40 marc)

### ROINN C REILIGIÚIN DHOMHANDA

● An Búdachas ● An Chríostaíocht ● An Giúdachas ● An Hiondúchas ● An tIoslamachas

Cuireann gach reiligiún béim ar ócáidí thábhachtacha i saoil na gcreidmheach.

Déan comparáid idir an chaoi a leagtar béim ar ócáid mhór saoil, mar an bhreith, an bás nó aois fir/mná a shroicheadh, in **dhá** cheann ar bith de na reiligiúin dhomhanda atá luaite thuas.

(80 marc)

### ROINN D TEACHT AR CHINNEADH MORÁLATA



*Cuireann an reiligiún coinsias duine ar an eolas agus múnlaíonn sé a t(h)uiscint faoi fhaillí mhorálta.*

Pléigh an ráiteas seo trí thagairt a dhéanamh do reiligiún domhanda **amháin** a ndearna tú staidéar air.

(80 marc)

## AONAD A TRÍ

(80 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 30 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SAN AONAD SEO.**

NÍ MÓR DUIT TABHAIRT FAOI CHEANN **AMHÁIN** DE NA CEITHRE ROINN SEO A LEANAS.

**(Tá 80 marc ar gach ceist)**

### ROINN E REILIGIÚN AGUS INSCNE

*Má dhéantar reiligiúin dhomhanda a scrúdú, léirítear ceangal idir íomhanna Dé / an tarchéimnithigh agus róil inscne.*

Scrúdaigh cruinneas an ráitis seo agus déan tagairt do ról na bhfear agus ról na mban i gceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas:

- An Búdachas
- An Chríostaíocht
- An Giúdachas
- An Hiondúchas
- An tIoslamachas

(80 marc)

### ROINN F CEISTEANNA CEARTAIS AGUS SÍOCHÁNA

*Is cuid de scéal na reiligiún domhanda iad maoirseacht agus cúram an domhain.*

Pléigh an ráiteas seo i dtaca le ceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas:

- An Búdachas
- An Chríostaíocht
- An Giúdachas
- An Hiondúchas
- An tIoslamachas

(80 marc)

### ROINN H AN BÍOBLA: LITRÍOCHT AGUS TÉACS NAOFA

*Is scéal é parabal atá tógtha ón ngnáthshaol, a chuireann teagasc reiligiúnach nó morálta in iúl agus é mar aidhm aige sofhreagracht a mhúscailt.*

Scrúdaigh cruinneas an ráitis thuas maidir le ceann **amháin** de na parabail seo a leanas:

- Na hOibrithe san Fhíonghort (Maitiú 20:1-16)
- An Síoladóir (Maitiú 13: 1-9)
- An Deichniúr Freastalaithe Bainise (Maitiú 25: 1-13)
- An Maor Éagórach (Lúcás 16: 1-13)

(80 marc)

## ROINN J REILIGIÚN AGUS AN EOLAÍOCHT

*"Bíonn an reiligiún gan an eolaíocht dall; bíonn an eolaíocht gan an reiligiún bacach…"*

– Albert Einstein

Pléigh an ráiteas seo agus déan tagairt do phointí cosúlachta agus do phointí difríochta idir an reiligiún agus an eolaíocht.

(80 marc)

Leathanach

Bán

Leathanach

Bán

Leathanach

Bán